2026/159

22.1.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/159 ÓN gCOIMISIÚN

an 21 Eanáir 2026

maidir le bearta éigeandála sealadacha don Ungáir lena maolaítear ar fhoráil de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891, chun fadhbanna sonracha in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí a réiteach, fadhbanna arb iad teagmhais mheitéareolaíocha dhíobhálacha thromchúiseacha is cúis leo

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 221(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bharr teagmhais mheitéareolaíocha dhíobhálacha thromchúiseacha a bhaineann le sioc a tharla san Ungáir i mí Aibreáin agus i mí na Bealtaine 2025, rinneadh damáiste mór do tháirgeadh torthaí. Mar thoradh air sin, bhí caillteanais ann maidir le buaint torthaí 2025, go háirithe i ndáil le silíní, úlla, aibreoga, gallchnónna, plumaí, piorraí, péitseoga agus súth talún. EUR 29,2 milliún atá sna caillteanais mheasta. Meastar gur imríodh tionchar ar 57 % de chomhaltaí táirgeoirí na n-eagraíochtaí táirgeoirí aitheanta in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí. Meastar gurb é 41 % an laghdú ar tháirgeacht na gcineálacha éagsúla torthaí i gcás 2025. Bhí teicnící táirgthe fiú, amhail meaisíní measctha aeir, táirgeadh teasa nó uisciú frithreo, neamhéifeachtach. Bhí tionchar mór ag an damáiste ar tháirgeadh torthaí san Ungáir in 2025.

(2) I bhfianaise theagmhais mheitéareolaíocha dhíobhálacha thromchúiseacha mhí Aibreáin agus mhí na Bealtaine 2025, tá laghdú mór ag teacht ar an táirgeadh i gcás comhaltaí táirgeoirí go leor eagraíochtaí táirgeoirí aitheanta in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí. Chun aghaidh a thabhairt ar na hiarmhairtí sin agus ar a dtionchar ar luach na dtáirgí a dhíoltar, ba cheart eagraíochtaí táirgeoirí a dhíolmhú in 2025 ón gceanglas a leagtar síos in Airteagal 11(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 ón gCoimisiún ([2]), nach mór luach eacnamaíoch na dtáirgí a dhíolann táirgeoirí nach comhaltaí den eagraíocht táirgeoirí iad a bheith faoi bhun luach an táirgthe mhargaithe de chuid na heagraíochta táirgeoirí.

(3) Is fadhb shonrach í an staid fhoriomlán a bhfuil teagmhais mheitéareolaíocha dhíobhálacha thromchúiseacha mhí Aibreáin agus mhí na Bealtaine 2025 mar chúis léi de réir bhrí Airteagal 221 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 nach féidir aghaidh a thabhairt uirthi go héasca le bearta a dhéantar de bhun Airteagail 219 nó 220 den Rialachán sin. Níl baint shonrach ag an staid le suaitheadh uathúil sa mhargadh a sainaithníodh atá ann cheana ná le bagairt shonrach suaite. Níl baint aici ach oiread le bearta a dhéanfadh leathadh galar ainmhithe a chomhrac ná le laghdú ar mhuinín tomhaltóirí i ngeall ar rioscaí sláinte don phobal, d'ainmhithe nó do phlandaí.

(4) I bhfianaise an ghá le gníomhú láithreach agus le bearta a ghlacadh go práinneach chun éifeachtaí diúltacha tromchúiseacha theagmhais mheitéareolaíocha dhíobhálacha thromchúiseacha mhí Aibreáin agus mhí na Bealtaine 2025 ar eagraíochtaí táirgeoirí in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí a mhaolú, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Ós rud é go ndéantar a fhoráil le hAirteagal 221(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 go bhfanfaidh na bearta i bhfeidhm ar feadh tréimhse nach faide ná 12 mhí, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ar feadh 12 mhí ón dáta a thiocfaidh sé i bhfeidhm.

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1308/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 ón gCoimisiún an 13 Márta 2017 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hearnáil na dtorthaí agus na nglasraí agus earnáil na dtorthaí agus na nglasraí próiseáilte agus lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le pionóis atá le cur i bhfeidhm sna hearnálacha sin agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 543/2011 ón gCoimisiún (IO L 138, 25.5.2017, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2017/891/oj).

(5) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Chomheagrú na Margaí Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Maolú sealadach ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891

1. De mhaolú ar Airteagal 11(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891, in 2025, eagraíocht táirgeoirí arna sainaithint ag an Ungáir mar eagraíocht a ndéanann teagmhais mheitéareolaíocha dhíobhálacha thromchúiseacha mhí Aibreáin agus mhí na Bealtaine 2025 difear di, féadfaidh sí táirgí ó tháirgeoirí nach comhaltaí d'eagraíocht táirgeoirí iad a dhíol, gan beann ar luach eacnamaíoch na gníomhaíochta sin i gcomparáid le luach tháirgeadh margaithe na heagraíochta táirgeoirí.

2. Tabharfaidh na heagraíochtaí táirgeoirí dá dtagraítear i mír 1 cruthúnas d'údarás inniúil na hUngáire go bhfuil na coinníollacha a leagtar síos i mír 1 á gcomhlíonadh.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige go dtí an 22 Eanáir 2027.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 21 Eanáir 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN